



Coláiste Aonad Bainistíochta:	Coláiste na hEolaíochta UCD
Scoil Aonad:	Scoil na nDomhaneolaíochtaí UCD
Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair:	Oifigeach Teicniúil - (Ullmhúchán agus íomháu ábhar Domhaneolaíochta)
Tréimhse an Phoist:	Post Buan
Grád:	Oifigeach Teicniúil
Bainisteoir Líne:	Ceann na Scoile
Uimhir Thagartha an Chomórtais:	018703
Riarthóir Acmhainní Daonna:	Yasemin Ozdemir

Achoimre ar an bPost:

Táimid ag iarraidh Oifigeach Teicniúil a cheapadh le ról déach chun gníomhaíochtaí ullmhúcháin samplaí a threorú agus tacaíocht a thabhairt d'oibriú an trealamh anailíseach tábhachtach i Scoil na nDomhaneolaíochtaí. Déanfaidh an té a cheapfar úsáideoirí a ullmhú agus a oiliúint in ullmhúchán réimse leathan d'ábhair Domhain le haghaidh anailíse (lena n-áirítear sábhadh, brúscadh, meilt, gléasadh roisín, scrabhadh agus snasú). Beidh orthu freisin cuid dá gcuid ama a chaitheamh ar oibriú laethúil agus ar oiliúint úsáideoirí i dtaca le fo-thacar d'uirlisí anailíseacha a úsáidtear le haghaidh taighde i saotharlanna geoiceimice, dríodareolaíochta agus peitrífhiseacha na Scoile (e.g., scanóirí croileacáin, LA–ICP–MS, SEM) agus dualgais riachtanacha eile. Tabharfaidh siad tacaíocht agus comhoibreoidh siad le pobal acadúil atá thar a bheith gníomhach ó thaobh taighde de agus beidh deis acu a bheith páirteach i bhfoilseacháin eolaíochta. Beidh ról tábhachtach acu maidir le timpeallacht shábháilte oibre a chothabháil sa Scoil lena gcinntítear go gcloítear leis na rialacháin ábhartha agus beidh freagracht dhíreach orthu as measúnú riosca, sábháilteacht agus cothabháil an trealamh atá faoina gcúram.

Príomhdualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

Scileanna Teicniúla:

- Feabhsuithe teicniúla leanúnacha a chur chun cinn, caighdeán a leagan síos agus solúbthacht a spreagadh laistigh den fhoireann.
- Cur le cothabháil agus cúram an trealamh in ullmhúchán ábhair Dhomhain agus saotharlanna gaolmhara.
- Coinneáil ar an eolas maidir le forbairtí teicniúla agus dul in oiriúint do theicneolaíochtaí nua agus úsáideoirí nua a oiliúint de réir mar is gá.

Sláinte agus Sábháilteacht:

- Na cleachtais Sláinte agus Sábháilteachta is fearr a chur chun cinn.
- Cinntigh go bhfuil cleachtais oibre sábháilte mar chuid den gnáthamh laethúil in ullmhúchán ábhar Domhain na Scoile agus i bhfeidhmiú trealamh agus áiseanna sainithe eile.
- Feabhas leanúnach ar shábháilteacht na Scoile a chinntiú go réamhghníomhach mar fhreagra ar chleachtais oibre nua agus, nuair is ábhartha, reachtaíocht a ghlacadh.
- Na rioscaí a d'fhéadfadh cur isteach ar shábháilteacht ag an obair a thuairisciú don mhaoirseoir ainmnithe agus iad a chur ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí is gá chun srian a choinneáil ar rioscaí, iad a laghdú nó a bhainistiú.

Bainistíocht agus Pleanáil:

- Cuspóirí agus an chaoi a bhfuil baint acu leis an gclár oibre foriomlán laistigh den Scoil a thuiscint.
- Tús áite a thabhairt d'obair agus í a eagrú chun cuspóirí agus spriocanna na Scoile a bhaint amach.
- Bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar an am roinnte idir ullmhúchán sampla agus tacaíocht theicniúil ionstraime.
- Cabhrú le gníomhaíochtaí bliantúla/réamhphleanála.
- Páirt a ghlacadh, nuair is gá, i ngníomhaíochtaí a bhaineann le bainistíocht na Scoile, le fócas áirithe ar ghnéithe a bhaineann le Sláinte agus Sábháilteacht.

Scileanna Idirphearsanta:

- Eolas teicniúil a chur in iúl ar bhealach soiléir, gonta agus sothuigthe.
- Oibriú go maith le daoine eile, comhoibriú agus neamhspleáchas láidir a léiriú, chomh maith le freagracht agus úinéireacht san obair a thaispeáint.
- Cur go gníomhach le hobair na foirne, dea-shampla a thabhairt agus freagracht a ghlacadh as a gcinntí féin.
- Cuidiú le gnéithe den phróiseas an ionductúcháin do bhaill foirne agus mic léinn nua.
- Freagra a thabhairt ar ghnáthiarratais ar chúnamh ó fhoireann na Scoile agus ó mhic léinn taighde.

Riachtanais Seirbhíse:

- Cur chuige seirbhíse gairmiúla a léiriú i leith gach gné den obair.

Nuálaíocht/Solúbthacht/Inoiriúnaitheacht:

- Réimsí nuálaíochta a shainaithint go réamhghníomhach agus réitigh phraiticiúla a fhorbairt lena gcur chun feidhme.
- Luach a chur ar smaointe nua agus ar ionchur ó dhaoine eile.
- Sceidil, tascanna agus tosaíochtaí oibre a athrú de réir mar is cuí.

Dualgais bhreise agus freagrachtaí breise atá ábhartha don ról áirithe seo

- Ullmhaigh (e.g. brúigh, sábhadh, meil agus slachtaigh) agus cuir oiliúint ar úsáideoirí eile in ullmhúchán carraigeacha, ábhair gheolaíocha neamh-chomhdhlúite, samplaí geoiceimiceacha agus ábhar bitheolaíoch le haghaidh anailíse.
- Soláthair agus maoirsigh táirgeadh ardchaighdeán de ghráinníní múnlaíthe snasta agus gearrthacha tanaí d'ábhair Dhomhain le haghaidh micreascópacht, eisídiú léasair ICP-MS, SEM, agus anailís ar mhicrealéas eile, lena n-áirítear seachfhoinsiú gnáthaimh oibre nuair is gá.
- An cumas cur le dhá cheann de cheachtar acu seo a leanas a oibriú: SEManna deisce, scanóir croíleacáin XRF, scanóir croíleacháin ilbhraiteora, eisídiú léasair ICP-MS, ionstraimí peitrfhisiceacha, nó trealamh sonraithe eile lena n-áirítear oiliúint ar úsáideoirí nua.
- Páirt a ghlacadh i gcothabháil agus i gcúram trealamh saotharlainne agus ionstraimíocht eile atá in úsáid le haghaidh taighde, chomh maith le hoiliúint a chur chun a chinntiú go gcloítear leis na rialacháin agus timpeallacht shábháilte oibre i gcomhoibriú le UCD SIRC (Oifig Sábháilteachta, Árachais, Riosca Oibriúcháin agus Comhlíontachta).
- Tacú go solúbtha le taighde agus teagasc, mar shampla trí chúnamh a thabhairt don fhoireann maidir le stóráil agus aisghabháil samplaí agus ullmhúchán i gcomhair oibre allamuigh.
- Tacú le gníomhaíochtaí teagaisc saotharlainne agus seomra ranga.
- Go roghnach, d'fhéadfadh go mbeadh oibriú lasmuigh den champas le baill fhoirne agus le mic léinn i gceist leis an ról chun tacú le hobair allamuigh, lena n-áirítear tréimhsí thar oíche.

95 Oifigeach Teicniúil_2013 Scála Tuarastail: €46,793 - €61,319 in aghaidh na bliana

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis faoi phinsean ar fáil ag:

<https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/>

Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Faigh tuilleadh eolais faoin Éagsúlacht ag:

<https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/>

Critéir Roghnúcháin

Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgaí an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Éigeantach:

- Céim Onóracha (do dhaoine a thosaigh in UCD i ndiaidh mhí na Samhna 2006); Dioplóma NCEA nó a chomhionann (daoine a thosaigh in UCD roimh mhí na Samhna 2006).
- Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth, idir scileanna béil agus scríofa.
- Cumas chun oibriú go neamhspleách agus faoi threoir chomh maith le cumas chun oibriú go dlúth le daoine eile mar chuid de thimpeallacht foirne.
- Sárscileanna pleanála agus eagrúcháin lena n-áirítear cumas léirithe oibriú go cruinn agus aird a thabhairt ar mhionsonraí.
- Eolas ar reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le hobair shaotharlainne.
- Taithí ar thacú le gníomhaíochtaí taighde.
- Cur chuige solúbtha i leith na hoibre, agus toilteanas chun cabhrú le hathrú in eagraíocht atá ag forbairt.
- Caithfidh iarrthóirí feachtas ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a léiriú.

Critéir éigeantacha breise a bhaineann leis an ról áirithe seo

- Cur chuige dearfach réamhghníomhach i leith na hoibre lena n-áirítear toilteanas maidir le saineolas a fhorbairt sna réimsí teicniúla leathana atá sonraithe san Achoimre ar an bPost thuas agus toilteanas foghlaim faoi mhodhanna nua.
- Toilteanas maidir le hullmhúchán agus maoirseacht a dhéanamh ar ghnéithe saotharlainne de roinnt gníomhaíochtaí mac léinn (e.g. scrúduithe praiticiúla agus tionscadail taighde).
- In ann dul i dteagmháil le heagraíochtaí seachtracha thar ceann na Scoile a bhféadfadh gearrthacha tanai nó seirbhísí speisialaithe eile a bheith de dhíth orthu.
- Toilteanach tabhairt faoi oiliúint (le tacaíocht ón Scoil) a fheabhsaíonn scileanna teicniúla agus pearsanta agus scileanna ábhartha eile.

Inmhianaithe:

- Taithí roimhe seo ag obair i saotharlann gheolaíoch nó i dtimpeallacht ceardlainne.
- Taithí roimhe seo le ceann amháin de cheachtar acu seo: SEManna, ionstraimí scanadh croíleacáin (e.g. Itrax XRF, Multi-Sensor Core Logger), eisídiú léasair ICP-MS, ionstraimí peitirfhisiceacha.
- Taithí ag obair i suíomh oideachais lena n-áirítear taithí ar idirghníomhú le gach leibhéal foirne agus mac léinn.
- Oiliúint Gharchabhrach agus Sábháilteachta.

Critéir tharraingteacha breise a bhaineann leis an ról áirithe seo

- Céim Baitsiléara i ndisciplín ábhartha (e.g. Geolaíocht, Geo-eolaíocht, Domhaneolaíochtaí).
- Taithí roimhe seo ar ábhair Dhomhain a ullmhú agus a anailísiú.

- Suim a bheith acu cur le faisnéis eolaíochta agus foilseacháin.

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD go dtí 2030 – Teorainneacha a Shárú:	https://strategy.ucd.ie/
Coláiste na hEolaíochta UCD:	https://www.ucd.ie/science/
Scoil na nDomhaneolaíochtaí UCD:	https://www.ucd.ie/earthsciences/
Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú in UCD:	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:

Ainm:	An tOllamh Peter Haughton
Teideal:	Ceann na Scoile
Seoladh ríomhphoist:	Peter.Haughton@ucd.ie
Fón:	N/B